

RAMELTON
FLOOD RELIEF SCHEME



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

Ráth Mealtain Scéim Faoisimh Tuilte



Nuachtlitir Meán Fómhair 2022

SAN EAGRÁN SEO

Léargas is Déanaí

Is é seo an cúigiú nuachtlitir do Scéim Faoisimh Ráth Mealtain. Ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó bhí an nuachtlitir dheiridh ann i mí an Mheithimh 2022 tá measúnú ar bhearta coinneála uisce, gníomhaíochtaí comhshaoil, suirbhéireacht taoide, tuairisciú hidreolaíoch, agus samhaltú hidrálach.

Oibrithe Suirbhé

Leathanach 2

Gníomhaíochtaí Comhshaoil

Leathanach 3

Hidreolaíocht & Hidráilic

Leathanach 4

Cad é an Chéad Chéim Eile?

Leathanach 5

Oibreacha Suirbhé (Cósta - Suirbhé Hidriméadrach)

Go dtí seo, tá cúig thacar de shonraí suirbhé hidriméadracha faighte ag foireann an tionscadail ó thomhsairí a dhéanann taifead ar leibhéal taoide timpeall Loch Súilí agus a chlúdaíonn an tréimhse ó Bhealtaine go Meán Fómhair 2022.

D'aontaigh Grúpa Stiúrtha síneadh a chur leis an suirbhé go dtí Feabhra 2023 mar go mbeidh stoirmeacha níos suntasaí i míonna an gheimhridh seo. Beidh na sonraí seo ríthábhachtach le tuiscint a fháil ar bhaol tuilte cósta i Ráth Mealtain.



Radharc ar na Céanna agus é barr láin i mí Lúnasa 2022 feadh Abhainn an Leannáin, Ráth Mealtain.

Gníomhaíochtaí Comhshaoil

Bainistíocht agus Cóireáil Speicis Ionracha

Tá cóireáil na speiceas ionrach i limistéar na scéime críochnaithe anois do shéasúr 2022. I measc na Speiceas Ionrach a ndearnadh cóireáil orthu sa limistéar bhí Balsam Himiléach agus Glúineach Bhiorach. Tosóidh an Conraitheoir ar an chóireáil arís i Ráth Mealtain san Earrach do Shéasúr 2023.

Suirbhéanna Speisialtóra

Cuireadh leis na suirbhéanna comhshaoil bonnlíne speisialaithe do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain:

- Cailíocht aeir & Aeráide - Níor tosaíodh air go fóill.
- Éiceolaíocht Uisceach - Cuireadh suirbhéanna i gcrích; tuarascáil le cur amach.
- Tírdhreach agus Físiúil - Níor tosaíodh air go fóill.
- Torann & Creathadh - Níor tosaíodh air go fóill.
- Seandálaíocht agus Oidhreacht Chultúrtha - Níor tosaíodh air go fóill.
- Suirbhéanna ar Ialtóga- Cuireadh suirbhéanna i gcrích; tuarascáil le cur amach.
- Suirbhéanna ar Chrainn- Cuireadh suirbhéanna i gcrích; tuarascáil le cur amach.
- Suirbhéanna ar Éin Gheimhridh -Suirbhéanna sceidealta le haghaidh Deireadh Fómhair '22-Feabhra '23.


Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha

Tá foireann an tionscadail ag dul ar aghaidh leis an mheasúnú ar an fhéidearthacht do Bhearta Coinneála Uisce Nádúrtha i ndobharcheantair abhann Ráth Mealtain le riosca tuilte a mhaolú. Cuireadh mapáil na ndobharcheantair chun críche. Aithnítear sna léarscáileanna seo úsáid talún, clúdach talún, rangú ithreach, fánaí talún agus féidearthachtaí stórála tuilemhánna. Sa mheasúnacht táthar ag féachaint ar an fhéidearthacht do 1) Laghdú ar Rith chun Siúil 2) Stóráil agus 3) Úsáid Talún / Bainistiú Dríodair. Déanfar tuarascáil féidearthachta iomlán a ullmhú fosta a bheidh mar bhonn eolais le forbairt roghanna iomlána.

Anailís Hidreolaíoch agus Samhltú Hiodráilice

Cuireadh an dréacht-tuarascáil hidreolaíochta do Ráth Mealtain faoi bhráid Ghrúpa Stiúrtha an tionscadail lena athbhreithniú. Áirítear leis an dréacht-tuarascáil athbhreithniú mionsonraithe ar thomhas Hidriméadrach an Chláraigh ar Abhainn an Leannáin. Tá príomh-hidreolaí fhoireann an tionscadail ag tabhairt aghaidh ar an tuairimíocht a fuarthas ón Ghrúpa Stiúrtha faoi láthair.

Tá forbairt na samhla hiodrálaí ar siúl go leanúnach. Críochnaíodh an tógáil samhail 1d abhann agus líonra mar aon leis an tuilemhá 2D. Tá foireann an tionscadail ag an chéim fíoraithe agus calabraithe faoi láthair.



Radharc ar Bhóthar na Trá agus na Céanna agus é barr láin i mí Lúnasa 2022.

Cad é an chéad chéim eile?

Sna míonna amach romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- ➔ Leanúint le Suirbhéanna Speisialtóirí Comhshaoil.
- ➔ Leanúint den Samhaltú Hiodrálach lena n-áirítear cásanna bonnlíne.
- ➔ Ceardlann hiodrálach leis an Ghrúpa Stiúrtha
- ➔ Sonraí a bhailiú ar leibhéal an uisce taoide faoi choinne measúnú riosca tuilte cósta
- ➔ Leanúint den Mheasúnú ar Acmhainneacht Bearta Coinneála Uisce Nádurtha
- ➔ Tús a chur le Tuarascálacha Scagtha agus Scópála Measúnaithe Tionchair Chomhshaoil a dhréachtú
- ➔ Tús a chur le Scagadh Measúnaithe Cuí a dhréachtú le haghaidh Ráiteas Tionchair Natura
- ➔ Measúnú Hidreamoirfeolaíochta



Déan teagmháil linn

Dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh le Foireann an Tionscadail faoi aon ábhar a bhaineann le Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain is féidir leat é sin a dhéanamh ar an dóigh seo a leanas:

Ríomhphost

RameltonFRS@ByrneLooby.com

Post

Bainisteoir Tionscadail FRS Ráth Mealtain
ByrneLooby
Building 2100
Cork Airport Business Park
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

Guthán

+353 (0) 21 240 7988

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin: